RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2105 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2022

lena leagtar síos rialacha maidir le seiceálacha comhréireachta ar chaighdeáin mhargaíochta le haghaidh ola olóige agus modhanna anailíse ar shaintréithe ola olóige

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 90a(6), pointí (b) agus (c), agus Airteagal 91, pointí (b), (d) agus (g), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([2]) a aisghairm le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus cuireadh ina ionad é. Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 leagtar síos rialacha maidir le caighdeáin mhargaíochta i leith ola olóige agus tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina leith sin. Chun feidhmiú rianúil an mhargaidh ola olóige a áirithiú sa chreat dlíthiúil nua ní mór rialacha áirithe a ghlacadh trí bhíthin na ngníomhartha sin.

(2) Léiríonn an taithí a fuarthas le 10 mbliana anuas ó chur chun feidhme chaighdeáin mhargaíochta an Aontais maidir le hola olóige agus ó chur chun feidhme seiceálacha comhréireachta gur gá an creat rialála a shimpliú agus a shoiléiriú. Ba cheart ceanglais chomhchosúla agus chomhlántacha a athbhreithniú chun dúbláil agus neamhréireachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint.

(3) Ba cheart do na Ballstáit seiceálacha comhréireachta a dhéanamh arb é is aidhm dóibh a fhíorú an gcomhlíonann táirgí dá dtagraítear i gCuid VII d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 ón gCoimisiún ([3]) ón gCoimisiún. Ceanglais rialaithe íosta a thabhairt isteach le haghaidh na mBallstát uile, ba cheart go gcuideodh sin freisin leis an gcalaois a chomhrac. Cé gurb iad na Ballstáit is fearr is féidir na húdaráis ar cheart dóibh a bheith freagrach as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a shainaithint agus a chinneadh, ba cheart dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na húdaráis inniúla sin, chun a áirithiú go ndéanfar cumarsáid iomchuí le húdaráis na mBallstát eile faoi seach agus leis an gCoimisiún.

(4) Ba cheart é a bheith de cheangal ar na Ballstáit tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar aon le faisnéis maidir le seiceálacha comhréireachta a rinneadh le linn na bliana roimhe sin, chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Chun bailiú agus tarchur sonraí inchomparáide, tiomsú sonraí den sórt sin ina dhiaidh sin isteach i staitisticí an Aontais uile agus ullmhú tuarascálacha ag an gCoimisiún maidir le seiceálacha comhréireachta ar fud an Aontais a éascú, ba cheart foirm chaighdeánach shamplach a chur ar fáil le haghaidh tuarascálacha bliantúla.

(5) Chun a fhíorú go gcomhlíonann ola olóige na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 agus an chosaint is fearr is féidir a thabhairt do thomhaltóirí, ba cheart do na húdaráis inniúla seiceálacha comhréireachta a dhéanamh bunaithe ar anailís riosca.

(6) Ós rud é nach mór seiceálacha ar oibreoirí atá freagrach as ola olóige a tháirgeadh nó a chur ar an margadh den chéad uair a dhéanamh sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe, ba cheart nós imeachta a bheith ann maidir le comhar riaracháin idir an Coimisiún agus na Ballstáit ina dtáirgtear agus ina margaítear an ola.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagraíocht margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcomhair táirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh ola olóige, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2568/91 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 29/2012 (Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).

(7) Laistigh de chreat na seiceálacha, maidir leis an bhfianaise atá le cur ar fáil le haghaidh na dtéarmaí éagsúla is féidir a úsáid ar an lipéad, ba cheart do na Ballstáit an fhianaise sin a shonrú. Ba cheart a áireamh ar fhianaise den sórt sin fíorais sheanbhunaithe, torthaí anailísí nó taifeadtaí iontaofa, agus faisnéis riaracháin nó cuntasaíochta.

(8) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit monarchana pacáistithe atá suite ar a gcríoch a fhormheas, chun gur fusa a bheadh sé seiceáil a dhéanamh ar chomhréireacht an táirge leis na sonraí sainordaitheacha agus roghnacha atá scríofa ar an lipéad, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104.

(9) Ba cheart saintréithe na gcineálacha éagsúla ola olóige a chinneadh go haonfhoirmeach ar fud an Aontais. Chuige sin, ba cheart a shonrú i reachtaíocht an Aontais na modhanna anailíse ceimicí agus meastóireachta orgánaileiptí ba cheart a úsáid. Ós rud é go bhfuil an tAontas ina chomhalta de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ("IOC"), ba cheart gurb iad na modhanna arna mbunú ag IOC na modhanna atá le húsáid agus seiceálacha comhréireachta á ndéanamh.

(10) Chun aonfhoirmeacht a áirithiú sa tsampláil chun seiceálacha comhréireachta a dhéanamh, ba cheart an modh samplála d'ola olóige a leagan amach. Chun a áirithiú go ndéanfar anailísí sna dálaí cearta agus i bhfianaise na n-achar idir réigiúin, ba cheart teorainneacha ama éagsúla a shocrú le haghaidh samplaí a sheoladh chuig an tsaotharlann tar éis samplála.

(11) Ba cheart do na Ballstáit a fhíorú go bhfuil ola olóige a chuirtear ar mhargadh an Aontais i gcomhréir leis na saintréithe a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104. A mhéid a bhaineann le haicmiú olaí, ba cheart torthaí na dtástálacha a chur i gcomparáid leis na teorainneacha a leagtar síos sa Rialachán sin, lena gcuirtear san áireamh in-atrialltacht agus in-atáirgtheacht na modhanna anailíse arna n-úsáid.

(12) Le modh IOC chun saintréithe orgánaileipteacha olaí olóige íona a mheas, áirítear painéil de bhlastóirí roghnaithe oilte a bhunú. Chun aonfhoirmeacht sa chur chun feidhme a áirithiú, ba cheart íoscheanglais maidir le formheas na bpainéal a leagan amach. I bhfianaise na ndeacrachtaí a bhíonn ag roinnt Ballstát agus painéil bhlaiste á mbunú acu, ba cheart úsáid painéal i mBallstáit eile a údarú.

(13) Chun an modh IOC a úsáid chun saintréithe orgánaileipteacha olaí olóige íona a mheas, is gá nós imeachta a bheith ar fáil chun déileáil le cásanna neamhréireachta idir an chatagóir atá dearbhaithe agus an catagóir a shann an painéal blaiste.

(14) Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an córas tobhach is infheidhme maidir le hallmhairí cáca olóige agus iarmhar mar is ceart, ba cheart aon mhodh amháin a leagan síos chun cion ola na dtáirgí sin a chinneadh.

(15) Ba cheart do na Ballstáit pionóis a leagan síos i leith neamhchomhlíonadh na gcaighdeán margaíochta maidir le hola olóige ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart go mbeadh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na seiceálacha ar chomhréireacht leis na caighdeáin mhargaíochta maidir le holaí olóige dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 agus a gcur chun feidhme ag oibreoirí;

(b) an comhar agus an cúnamh idir na húdaráis inniúla maidir leis na seiceálacha comhréireachta dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) na taifid atá le coinneáil ag oibreoirí a tháirgeann nó a choinníonn ola olóige agus formheas monarchana pacáistithe;

(d) na modhanna anailíse chun saintréithe ola olóige a chinneadh.

Airteagal 2

Oibleagáidí na mBallstát maidir le seiceálacha comhréireachta

1. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha comhréireachta ar ola olóige chun cur chun feidhme na gcaighdeán margaíochta a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 a fhíorú ar bhonn anailís riosca dá dtagraítear in Airteagal 3.

2. Fíoróidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí a n-oibleagáidí faoi Airteagal 5(1).

3. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún ([4]) faoi ainm agus seoladh an údaráis nó na n-údarás atá inniúil chun seiceálacha comhréireachta a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile agus, arna iarraidh sin, aon pháirtí leasmhar ar an eolas maidir leis na húdaráis inniúla sin. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú de réir mar a tharlaíonn sé.

Airteagal 3

Minicíocht na seiceálacha comhréireachta agus na hanailíse riosca

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "ola arna margú" an chainníocht iomlán ola olóige a chuirtear ar fáil ar an margadh i mBallstát agus a onnmhairítear ón mBallstát sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit seiceáil comhréireachta amháin ar a laghad in aghaidh na bliana in aghaidh an mhíle tona ola olóige a chuirtear ar an margadh ar a gcríoch.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar seiceálacha comhréireachta go roghnach, bunaithe ar anailís riosca, agus a mhinice is iomchuí, chun a fhíorú go gcomhfhreagraíonn an ola olóige arna margú don chatagóir dhearbhaithe.

4. Is iad seo a leanas, go háirithe, na critéir chun an riosca a mheasúnú:

(a) catagóir na hola olóige de réir bhrí Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104, an tréimhse táirgthe, a praghas i gcomparáid le holaí plandúla eile, oibríochtaí measctha agus pacála, na saoráidí agus na dálaí stórála, an tír tionscnaimh, an tír is ceann scríbe, an modh iompair nó méid na luchtóige;

(b) suíomh na n-oibreoirí sa slabhra margaíochta, an méid agus an luach a mhargaíonn siad, raon na gcatagóirí ola a chuireann siad ar an margadh, an cineál gnó a dhéantar amhail muilleoireacht, stóráil, scagadh, meascadh, pacáistiú nó miondíol;

(c) torthaí a fuarthas le linn seiceálacha a rinneadh roimhe seo lena n-áirítear líon agus cineál na bhfabhtanna a aimsíodh, gnáthcháilíocht na hola olóige a mhargaítear, feidhmíocht an trealaimh theicniúil a úsáidtear;

(d) iontaofacht chórais dearbhaithe cáilíochta na n-oibreoirí nó na gcóras féinseiceála a bhaineann le comhréireacht le caighdeáin mhargaíochta;

(e) an áit ina ndéantar an tseiceáil comhréireachta, go háirithe más í an chéad phointe teacht isteach san Aontas í, an pointe imeachta deireanach ón Aontas nó an áit ina ndéantar na holaí a tháirgeadh, a phacáistiú, a luchtú nó a dhíol leis an tomhaltóir deiridh;

(f) aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh riosca neamhchomhlíonta a léiriú.

5. Déanfaidh na Ballstáit na nithe seo a leanas a leagan síos roimh ré:

(a) na critéir chun measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le neamhchomhréireacht luchtóg;

(b) ar bhonn anailíse riosca le haghaidh gach catagóir riosca, an t-íoslíon oibreoirí nó luchtóg agus cainníochtaí a bheidh faoi réir seiceála comhréireachta.

6. I gcás ina léirítear leis na seiceálacha go bhfuil neamhrialtachtaí móra ann, déanfaidh na Ballstáit méadú ar mhinicíocht na seiceálacha i ndáil le céim mhargaíochta, le catagóir ola, le tionscnamh, nó le critéir eile.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena bhforlíontar Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid (IO L 171, 4.7.2017, lch. 100).

Airteagal 4

Comhar idir na Ballstáit maidir le seiceálacha comhréireachta

1. Má bhraitear aon neamhrialtacht agus má tá an t-oibreoir a thaispeántar ar an lipéad bunaithe i mBallstát eile, iarrfaidh an Ballstát lena mbaineann fíorú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún ([5]) ar an mBallstát ina bhfuil an t-oibreoir atá ar an lipéad bunaithe.

2. De bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715, beidh an fhaisnéis go léir is gá le haghaidh an fhíoraithe ag gabháil leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus go háirithe:

(a) an dáta a rinneadh an ola olóige i gceist a shampláil nó a cheannach;

(b) ainm nó ainm gnó agus seoladh an oibreora inar tógadh an sampla nó inar ceannaíodh an ola olóige lena mbaineann;

(c) líon na mbaisceanna lena mbaineann;

(d) cóip de na lipéid uile a thaispeánfar ar phacáistíocht na hola olóige lena mbaineann;

(e) torthaí na hanailíse nó na dtuairimí saineolaí comparáideacha eile ina léirítear na modhanna a úsáideadh agus ainm agus seoladh na saotharlainne nó an tsaineolaí;

(f) i gcás inarb infheidhme, ainm sholáthróir na hola olóige i gceist mar atá dearbhaithe ag an asraon margaíochta.

3. De bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715, ar a dhéanaí roimh dheireadh na míosa i ndiaidh na míosa ina rinneadh an iarraidh, tógfaidh an Ballstát ar a gcuirfear an iarraidh samplaí agus fíoróidh sé na tásca ar an lipéadú lena mbaineann. Tabharfaidh sé freagra laistigh de 3 mhí ó dháta na hiarrata.

Airteagal 5

Oibleagáidí na n-oibreoirí

1. Chun seiceálacha comhréireachta a dhéanamh, coinneoidh oibreoirí ó chéim an mheilte suas go dtí céim an bhuidéalaithe cláir iontrála agus tarraingt siar maidir le gach catagóir ola olóige atá ina seilbh acu.

2. Arna iarraidh sin don Bhallstát ina bhfuil an t-oibreoir atá le feiceáil ar an lipéad bunaithe, cuirfidh an t-oibreoir doiciméadacht ar fáil maidir le comhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear in Airteagail 6, 8 agus 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas:

(a) eilimintí fíorasacha nó fíorais a shuífear go heolaíoch;

(b) torthaí anailísí nó taifeadtaí uathoibríocha arna dtógáil ar shamplaí ionadaíocha;

(c) faisnéis riaracháin nó cuntasaíochta a choinnítear i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta.

Airteagal 6

Formheas roghnach ar mhonarchana pacáistithe ar an leibhéal náisiúnta

1. Beidh an deis ag na Ballstáit monarchana pacáistithe atá suite ar a gcríoch a fhormheas.

2. Nuair a chinnfidh siad leas a bhaint as mír 1, deonóidh na Ballstáit formheas agus sannfaidh siad sainaithint alfa-uimhriúil ar aon mhonarcha pacáistíochta a iarrann amhlaidh agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(a) saoráidí pacáistithe a bheith aici;

(b) a gheallann an doiciméadacht dá dtagraítear in Airteagal 5 a bhailiú agus a choinneáil;

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna an chórais (Rialachán IMSOC) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37).

(c) a bhfuil córas stórála aici lena bhféadfar bunáitíocht na n-olaí olóige a sheiceáil, ar olaí iad a bhfuil sé sainordaitheach an áit tionscnaimh a lipéadú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104.

3. Nuair a chinnfidh siad leas a bhaint as mír 1, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na socruithe ábhartha i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

Airteagal 7

Modhanna anailíse chun saintréithe ola olóige a chinneadh

Déanfar saintréithe olaí olóige a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 a chinneadh i gcomhréir leis na modhanna anailíse a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 8

Sampláil le haghaidh seiceálacha comhréireachta

1. Glacfar samplaí le haghaidh seiceálacha comhréireachta i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta EN ISO 661 maidir le hullmhú samplaí tástála agus EN ISO 5555 maidir le sampláil. I dtaca le baisceanna ola olóige pacáistithe, áfach, déanfar an tsampláil i gcomhréir le hIarscríbhinn II. I gcás bulcolaí nach féidir an tsampláil a dhéanamh ina leith i gcomhréir le caighdeán EN ISO 5555, déanfar an tsampláil i gcomhréir leis na treoracha a chuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit ar fáil.

2. Gan dochar do chaighdeán EN ISO 5555 agus do Chaibidil 6 de chaighdeán EN ISO 661, cuirfear na samplaí a thógfar in áit dhorcha chomh tapa agus is féidir, ar shiúl ó theas agus cuirfear chuig an tsaotharlann iad lena n-anailísiú tráth nach déanaí ná an cúigiú lá oibre tar éis iad a thógáil, nó coinneofar na samplaí ar bhealach nach ndéanfar iad a dhíghrádú ná damáiste dóibh le linn iompair nó stórála sula seolfar chuig an tsaotharlann iad.

Airteagal 9

Saintréithe olaí olóige a fhíorú

1. Fíoróidh na Ballstáit go bhfuil na holaí olóige i gcomhréir le saintréithe na n-olaí olóige a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104:

(a) in ord ar bith; nó

(b) tríd an ord a leagtar amach ar an sreabhchairt in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint, go dtí go dtiocfar ar cheann de na cinntí atá sa tsreabhchairt.

2. Chun críche an fhíoraithe dá bhforáiltear i mír 1, déanfar na hanailísí ar an leibhéal aigéadachta a chinneadh, luach sárocsaíd K232, K268 nó K270, ΔK, eistir eitile aigéid shailligh, céaracha agus na saintréithe orgánaileipteacha, i gcás inarb infheidhme, aon fhrith-anailísí a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta a chur i gcrích roimh an dáta íosta marthanachta i gcás ola olóige pacáistithe. I gcás samplála ar bhulcolaí, déanfar na hanailísí sin laistigh de 6 mhí tar éis na míosa inar tógadh an sampla.

3. Ní bheidh feidhm ag aon teorainn ama maidir le fíorú saintréithe eile ola olóige a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104.

4. Maidir le hola olóige pacáistithe, murar tógadh an sampla níos lú ná 2 mhí roimh an dáta íosmharthanachta, mura mbeidh torthaí na n-anailísí ag teacht le saintréithe na catagóire ola olóige a dhearbhaítear, tabharfar fógra don oibreoir ónar tógadh an sampla tráth nach déanaí ná mí amháin roimh an dáta íosmharthanachta.

([6]) Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

5. Chun saintréithe ola olóige a chinneadh trí na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar torthaí na n-anailísí a chur i gcomparáid go díreach leis na teorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 ón gCoimisiún, ina gcuirtear san áireamh in-atrialltacht agus in-atáirgtheacht na modhanna anailíse arna n-úsáid.

6. Beidh feidhm ag rialacha an Airteagail seo maidir le gach sampla príomhúil a thógfar i gcomhréir le hIarscríbhinn II.

Airteagal 10

Painéil bhlaiste

1. Chun críoch seiceálacha comhréireachta, déanfaidh painéil bhlaiste, arna bhformheas ag na Ballstáit ar a gcríoch, measúnú ar shaintréithe orgánaileipteacha olaí olóige íona a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 agus tuairisceoidh siad ar na saintréithe sin agus ar an gcatagóir sin.

2. Socróidh na Ballstáit téarmaí formheasta na bpainéal blaiste agus áiritheoidh siad:

(a) go gcomhlíonfar ceanglais an mhodha dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn I maidir le saintréithe orgánaileipteacha ola olóige íon a chinneadh;

(b) go dtabharfar oiliúint do cheannaire an phainéil a aithníonn an Ballstát chun na críche sin;

(c) beidh formheas leanúnach ag brath ar athbhreithniú bliantúil a bheith á dhéanamh ag an mBallstát ar an bpainéal blaiste.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183, faoi liosta na bpainéal blaiste formheasta ar a gcríoch agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas gan mhoill maidir le haon athrú ar an liosta sin.

4. I gcás nach gcomhlíonann aon phainéal blaiste ar chríoch Ballstáit na téarmaí formheasa dá dtagraítear i mír 2, iarrfaidh an Ballstát ar phainéal blaiste a bheidh formheasta i mBallstát eile.

Airteagal 11

Saintréithe orgánaileipteacha olaí olóige íona a fhíorú

1. Measfar go bhfuil saintréithe orgánaileipteacha olaí olóige íona a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 ag teacht leis an gcatagóir dhearbhaithe má dhéanann painéal blaiste arna fhormheas ag Ballstát an chatagóir a dhearbhú.

2. I gcás nach ndearbhóidh an painéal blaiste an chatagóir dearbhaithe a mhéid a bhaineann leis na saintréithe orgánaileipteacha, arna iarraidh sin don oibreoir atá faoi réir an rialaithe, beidh dhá fhrithmheasúnú déanta ag na húdaráis inniúla gan mhoill ó na painéil bhlaiste formheasta eile. Is éard a bheidh i gceann amháin ar a laghad de na painéil bhlaiste painéal arna fhormheas ag an mBallstát inar táirgeadh an ola olóige. Measfar go mbeidh na saintréithe lena mbaineann ag teacht leis na saintréithe a dhearbhófar má dheimhníonn an dá fhrithmheasúnú an chatagóir dhearbhaithe. Murab amhlaidh an cás, gan beann ar na cineálacha fabhtanna arna gcinneadh le linn na bhfrithmheasúnuithe, dearbhófar nach bhfuil an chatagóir dhearbhaithe ag teacht leis na saintréithe, agus is é an t-oibreoir atá faoi réir an rialaithe a sheasfaidh costais na bhfrithmheasúnuithe.

3. Nuair a tháirgtear an ola lasmuigh den Aontas, is iad dhá phainéal blaiste, atá difriúil ón bpainéal a chinn ar dtús gurb ann do neamhchomhréireacht, a dhéanfaidh an dá fhrithanailís.

4. Agus frithmheasúnuithe á ndéanamh acu, déanfaidh painéil bhlaiste measúnú ar an ola olóige in dhá sheisiún blaiste ar leith. Torthaí an dá sheisiún le haghaidh na hola olóige atá faoi réir an mheasúnaithe, ní mór iad a bheith aonchineálach ó thaobh staidrimh de. Mura bhfuil, ní mór an sampla a ath-anailísiú arís faoi dhó. Is mar mheán na luachanna a fhaightear le haghaidh na saintréithe sin sa dá sheisiún aonchineálacha ó thaobh staidrimh de a ríomhfar luachanna tuairiscithe shaintréithe orgánaileipteacha na hola olóige atá faoi réir an fhrithmheasúnaithe.

Airteagal 12

Cion ola cáca ola agus iarmhar eile

1. Cinnfear cion ola cáca ola agus iarmhar eile de thoradh eastóscadh ola olóige (Cóid AC 2306 90 11 agus 2306 90 19) agus úsáid á baint as an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

2. Déanfar an cion ola dá dtagraítear i mír 1 a shloinneadh mar chéatadán arb é meáchan na hola mar chéatadán deo mheáchan an ábhair thirim.

Airteagal 13

Pionóis

1. I gcás ina bhfaighfear amach nach n-urramaítear na caighdeáin mhargaíochta a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104, cuirfidh na Ballstáit pionóis éifeachtacha, chomhréireacha athchomhairleacha i bhfeidhm, pionóis a chinnfear i bhfianaise thromchúis na neamhrialtachta a bhraithfear.

2. Faoin 31 Bealtaine gach bliain, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183, faoi na bearta a rinneadh chuige sin agus gan mhoill faoi aon leasú ar na bearta sin.

Airteagal 14

Tuairisciú

Faoin 31 Bealtaine gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo le linn na bliana féilire roimhe sin. Beidh sa tuarascáil sin ar a laghad torthaí na seiceálacha comhréireachta a rinneadh ar ola olóige i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 15

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Modhanna anailíse chun saintréithe ola olóige a chinneadh

	Saintréithe olaí olóige	An modh IOC a úsáidfear
1	Aigéadacht	COI/T.20/Doc. Uimh. 34 (*Cinneadh maidir le saoraigéid shailleacha, modh fuar*)
2	Luach sároscsaíde	COI/T.20/Doc. Uimh. 35 (*Cinneadh maidir le luacha sároscsaíde*)
3	Monapalmatáit 2- ghlicrile	COI/T.20/Doc. Uimh. 23 (*Cinneadh maidir le céatadán monaphalmatáite 2-ghlicrile*)
4	K232, K268 nó K270, ΔK	COI/T.20/Doc. Uimh. 19(*Imscrúdú speictreafótaiméadrach san ultravialait*)
5	Saintréithe orgánaileipteacha	COI/T.20/Doc. Uimh. 15 (*Anailís chéadfach ar ola olóige– Modh chun measúnú orgánaileipteach a dhéanamh ar ola olóige ion*) – cé is moite de phointí 4.4 agus 10.4 de
6	Comhdhéanamh aigéid shailligh, lena n-áirítear tras-isiméirí	COI/T.20/Doc. Uimh. 33 (*Cinneadh maidir le heistir mheitile aigéid shailligh le crómatagrafaíocht gháis*)
7	Eistir meitile aigéid shailligh, céaracha	COI/T.20/Doc. Uimh. 28 (*Cinneadh maidir le cion céaracha, eistear meitile aigéid shailligh agus eistear eitile aigéid shailligh le crómatagrafaíocht gháis ribeach*)
8	Iomlán stéaról, comhdhéanamh stéaról, eiritridhé-ól, úváól agus alcóil alafatacha	COI/T.20/Doc. Uimh. 26 (*Comhdhéanamh agus ábhar stéaról, dé-alcól trítheirpéineach agus alcól alafatach a chinneadh le crómatagrafaíocht gháis ribeach*)
9	Stiogmastaidé-éin	COI/T-20/Doc. Uimh. 11(*An méid stiogmastaidé-éin in olaí glasraí a chinneadh*)
10	ΔECN42	COI/T.20/Doc. Uimh. 20 (*Cinneadh na difríochta idir ábhar iarbhír agus ábhar teoiriciúil tríaicilgliocról ECN 42*)

IARSCRÍBHINN II

SAMPLÁIL AR OLAÍ OLÓIGE A SHEACHADTAR I bPACÁISTÍ

Cuirtear an modh samplála seo i bhfeidhm maidir le baisceanna ola olóige a chuirtear i bpacáistí. Beidh feidhm ag modhanna samplála éagsúla ag brath ar cibé acu is mó ná 5 lítear an pacáiste nó nach ea.

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "pacáiste" an coimeádán a bhfuil teagmháil dhíreach idir é agus an ola olóige;

(b) ciallaíonn "baisc" tacar pacáistí a tháirgtear, a mhonaraítear agus a phacáiltear in imthosca ina meastar go bhfuil an ola olóige, atá i ngach pacáiste, aonchineálach i dtéarmaí na saintréithe anailíseacha uile. Ní mór indibhidiú baisce a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2011/91/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(c) ciallaíonn "incrimint" an chainníocht ola olóige atá i bpacáiste suas go 5 lítear nó a eastósctar as pacáiste ar mó é ná 5 lítear, nuair a roghnaítear pacáistí ó phointe randamach sa bhaisce.

1. ÁBHAR AN tSAMPLA PHRÍOMHÚIL

1.1. Samplaí phríomhúla le haghaidh pacáistí suas go 5 lítear

Déanfar sampla príomhúil le haghaidh pacáistí suas go 5 lítear a chomhdhéanamh i gcomhréir le Tábla 1.

Tábla 1

Ní mór an méid seo a leanas a bheith in íosmhéid sampla phríomhúil:

I gcás inarb é toilleadh an phacáistithe	Is é a bheidh sa sampla príomhúil an ola olóige ó
(a) 750 ml nó níos mó	(a) 1 phacáiste;
(b) níos lú na 750 ml	(b) an líon íosta pacáistí ina bhfuil toilleadh 750 ml ar a laghad

Ní mór ábhar an tsampla phríomhúil a homaiginiú sula ndéanfar na measúnuithe agus na hanailísí éagsúla.

1.2. Samplaí phríomhúla le haghaidh pacáistí níos mó ná 5 lítear

Comhdhéanfar sampla príomhúil le haghaidh pacáistí níos mó ná 5 lítear as líon iomlán na n-incrimintí a eastósctar as an líon íosta pacáistí a leagtar amach i dTábla 2. Déanfar na pacáistí a roghnú go randamach as an mbaisce. Nuair a chomhdhéantar an sampla príomhúil beidh toilleadh leordhóthanach ann chun gur féidir é a roinnt san iliomad samplaí.

Tábla 2

An líon íosta pacáistí le roghnú go randamach

An líon pacáistí sa bhaisce	An líon íosta pacáistí le roghnú
Suas go 10	1
Ó ... 11 go 150	2
Ó ... 151 go 500	3
Ó ... 501 go 1 500	4
Ó ... 1 501 go 2 500	5
> 2 500 in aghaidh 1 000 pacáiste	1 phacáiste sa bhreis

Tar éis ábhar gach pacáiste a homaiginiú, eastósctar an incrimint agus doirtear isteach i gcoimeádán coiteann í lean homaiginiú trína corraí, ionas gur fearr a chosnófar ar an aer í.

([1]) Treoir 2011/91/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le tásca nó marcanna lena sainaithnítear an luchtóg lena mbaineann earra bia (IO L 334, 16.12.2011, lch. 1).

Ní mór ábhar an tsampla phríomhúil a dhoirteadh i seicheamh pacáistí ar toilleadh dóibh 1 lítear ar a laghad, a mbeidh gach ceann acu comhdhéanta d'aonad de sampla príomhúil. Ní mór gach aonad pacáiste a líonadh ar bhealach ina n-íoslaghdaítear an ciseal aeir ar barr agus a dhúnadh agus a shéalú chun a áirithiú go mbeidh an táirge crioscaíldíonach. Ní mór na pacáistí a lipéadú chun a áirithiú go ndéantar iad a shainaithint i gceart.

2. AN LÍON SAMPLAÍ PRÍOMHÚLA A MHÉADÚ

2.1. Féadfaidh gach Ballstát an líon samplaí príomhúla a mhéadú, de réir a riachtanais féin (measúnú orgánaileipteach ag saotharlann nach í an tsaotharlann a rinne na hanailísí ceimiceacha, an fhrithanailís etc.).

2.2. Féadfaidh an t-údarás inniúil an líon samplaí príomhúla a mhéadú de réir an tábla seo a leanas:

Tábla 3

An líon samplaí príomhúla arna chinneadh de réir méid baisce

Méid an bhaisce(lítir)	An líon samplaí príomhúla
Níos lú ná 7 500	2
Ó 7 500 go níos lú ná 25 000	3
Ó 25 000 go níos lú ná 75 000	4
Ó 75 000 go níos lú ná 125 000	5
Cothrom le agus níos mó ná 125 000	6 + 1 le haghaidh gach 50 000 lítear nó níos mó

2.3. Ní mór foirmiú gach sampla phríomhúil a dhéanamh i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointí 1.1 agus 1.2.

2.4. Agus pacáistí á roghnú go randamach le haghaidh incrimintí, ní mór na pacáistí a roghnaítear le haghaidh sampla príomhúil amháin tadhlach le pacáistí a roghnaítear le haghaidh sampla príomhúil eile. Is gá nóta a dhéanamh de shuíomh gach pacáiste a roghnaítear go randamach agus é a shainaithint i gceart agus go cinnte.

3. ANAILÍSÍ AGUS TORTHAÍ

3.1. I gcás ina bhfuil torthaí na n-anailísí comhlíontach le saintréithe na catagóire ola olóige a dhearbhaítear, ní mór a dhearbhú go bhfuil an baisce iomlán comhlíontach chomh maith.

3.2. Nuair nach bhfuil torthaí na n-anailísí ar aon sampla príomhúil amháin comhlíontach le saintréithe na catagóire ola olóige a dhearbhaítear, ní mór a dhearbhú go bhfuil an baisce iomlán neamhchomhlíontach chomh maith.

IARSCRÍBHINN III

SREABHCHAIRT LENA bhFÍORAÍTEAR AN bhFUIL SAMPLA OLA OLÓIGE COMHSHEASMHACH LEIS AN gCATAGÓIR A DHEARBHAÍTEAR

Tábla ginearálta



Tábla 1

Ola olóige úríon — Critéir cháilíochta



Tábla 2

Ola olóige íon — Critéir cháilíochta



Tábla 3

Ola olóige úríon agus ola olóige íon — Critéir íonachta



Tábla 4

Ola olóige lampante — Critéir cháilíochta



Tábla 5

Ola olóige scagtha — Critéir cháilíochta



Tábla 6

Ola olóige (comhdhéanta d'ola olóige scagtha agus olaí olóige íona) — Critéir cháilíochta



Tábla 7

Ola olóige scagtha agus ola olóige atá comhdhéanta d'ola olóige scagtha agus olaí olóige íona— Critéir íonachta



Tábla 8

Amhola phrabhaite olóige — Critéir cháilíochta



Tábla 9

Ola phrabhaite olóige scagtha — Critéir cháilíochta



Tábla 10

Ola phrabhaite olóige — Critéir cháilíochta



Tábla 11

Ola phrabhaite olóige scagtha agus ola phrabhaite olóige — Critéir íonachta



IARSCRÍBHINN IV

Modh chun cion ola cáca olóige agus iarmhar a thomhas

1. **ÁBHAIR**

1.1. **Trealamh**

— trealamh eastósctha oiriúnach feistithe le fleascán cruinntónach 200 go 250 ml,

— dabhach théite go leictreach (e.g. dabhach ghainimh, dabhach uisce) nó teophláta,

— meá anailíseach,

— oigheann atá rialaithe go teocht uasta 80 °C,

— oigheann téite go leictreach atá feistithe le gaireas atá rialaithe go 103 ± 2 °C agus ar féidir é a scuabadh le sruth aeir nó a oibriú faoi bhrú laghdaithe,

— muileann meicniúil, soghlanta, lena bhféadtar na hiarmhair olóige a mheilt gan ardú ar a dteocht nó athrú suntasach ar a gcion taisligh, ábhair ghalaithe nó substaintí is eastósctha le heacsán,

— méaracán eastósctha agus olann chadáis nó páipéar scagtha a bhfuil substaintí is féidir a eastóscadh le heacsán bainte cheana,

— triomadán,

— criathar ar a bhfuil oscailtí de thrastomhas 1 mm,

— cáithníní slíogairt réamhthriomaithe.

1.2. **Imoibrí**

Gnáth-heacsán, de ghrád teicniúil, nach mór dó iarmhar níos lú ná 0,002 g in aghaidh 100 ml tar éis galú iomlán.

2. **Nós imeachta**

2.1. **Ullmhú an tsampla tástála**

Más gá, úsáid an muileann meicniúil, a glanadh i gceart roimh ré, chun an sampla saotharlainne a mheilt chun é a laghdú go cáithníní ar féidir leo dul go hiomlán tríd an gcriathar.

Bain úsáid as an bhfichiú cuid nó mar sin chun críoch a chur leis an bpróiseas chun a muileann a ghlanadh, diúscair an t-ábhar meilte, meil an méid atá fágtha agus déan é a bhailiú, a meascadh go cúramach agus a anailísiú gan mhoill.

2.2. **Trialchuid**

A luaithe a chuirtear críoch leis an oibríocht meilte, bain amach thart ar 10 g den sampla don 0,01 g is gaire lena thástáil.

2.3. **Ullmhú an mhéaracáin eastósctha**

Cuir an chuid sa mhéaracán agus stop í le holann chádáis. Más páipéar scagtha a úsáidtear, imchlúdaigh an trialchuid ann.

2.4. **Réamhthriomú**

Má tá an t-iarmhar olóige an-tais (i.e. cion taisligh nó cion ábhair ghalaithe níos mó ná 10 %) déan réamhthriomú tríd an méaracán ualaithe (nó páipéar scagtha) a chur san oigheann ar feadh am iomchuí ag teocht nach airde ná 80 °C chun an cion taisligh agus an cion ábhair ghalaithe a laghdú go 10 %.

2.5. **Ullmhú an fhleascáin cruinntóna**

Meáigh don 1 mg is gaire an fleascán ina bhfuil cáithnín nó dhó de shlíogart a triomaíodh cheana sa sorn ag 103 ± 2 ° C agus a fuaraíodh ansin i dtriomadóir ar feadh tréimhse nach giorra ná aon uair an chloig.

2.6. **Eastóscadh tosaigh**

Cuir an méaracán (nó an páipéar scagtha) ina bhfuil an trialchuid isteach sa ghaireas eastósctha. Doirt an méid heacsáin is gá isteach sa fhleascán. Feistigh an fleascán den ghaireas eastósctha agus cuir an t-iomlán ar an dabhach atá téite go leictreach. Coigeartaigh an ráta téimh sa chaoi nach lú an ráta aife na trí bhraon in aghaidh an tsoicind (bruith mheasartha seachas géarbhruith). Tar éis eastóscadh 4 uair an chloig, lig di fuaradh. Bain an méaracán den ghaireas eastósctha agus cuir i sruth aeir é chun an chuid is mó den tuaslagóir tuile a bhaint.

2.7. **Dara eastóscadh**

Doirt ábhar an mhéaracáin isteach sa mhicrimheilteoir agus meil chomh mion agus is féidir. Cuir an meascán meilte, ina iomláine, ar ais sa mhéaracán agus cuir ar ais sa ghaireas eastósctha é.

Lean den eastóscadh go ceann dhá uair an chloig eile trí úsáid a bhaint as an bhfleascán cruinntóna eile ina bhfuil an t-eastóscadh tosaigh.

An tuaslagán a fhaightear sa fhleascán eastósctha, ní mór é a bheith glé. Mura bhfuil, déan é a scagadh trí pháipéar scagtha agus nigh an fleascán a úsáideadh ar dtús agus an páipéar scagtha roinnt uaireanta le heacsán. Bailigh an scagáit agus an tuaslagóir níocháin i bhfleascán cruinntóna eile a ndearnadh triomú agus táir air don 1 mg is gaire.

2.8. **Tuaslagóir a bhaint agus eastóscadh a mheá**

Bain amach an chuid is mó den tuaslagóir trína dhriogadh ar dhabhach atá téite go leictreach. Bain amach na rianta deiridh den tuaslagóir tríd an bhfleascán a théamh san oigheann ag 103 ± 2 °C ar feadh 20 nóiméad. Cuidigh leis an bpróiseas díothaithe trí aer a shéideadh, támhghás más féidir, ar eatraimh nó trí bhíthin brú laghdaithe.

Fág an fleascán i dtriomadóir lena fhuarú ar feadh uair an chloig ar a laghad agus meáigh don 1 mg is gaire.

Téigh arís ar feadh 10 nóiméad faoi na dálaí céanna, fuaraigh i dtriomadóir agus meáigh athuair.

Ní rachaidh an difríocht idir an dá mheá thar 10 mg. Má théann, téigh arís ar feadh tréimhsí 10 nóiméad agus, dá éis sin, fuaraigh agus meáigh arís go dtí gurb é 10 mg nó níos lú ná sin an difríocht meáchain. Déan meáchan deiridh an fhleascáin a thaifead.

Déan cinntiúcháin dhúblacha ar an sampla tástála.

3. **SLOINNEADH TORTHAÍ**

3.1. **Modh ríofa agus foirmle**

(a) An t-eastóscadh arna shloinneadh mar chéatadán de réir maise mar a fhaightear é, tá sé cothrom le:

$$S = m_1 \times \frac{100}{m_0}$$

i gcás:

is é S = céatadán de réir maise an eastósctha mar a fhaightear é,

is é m_0 = mais i ngraim, na trialchoda,

mais = i ngraim, an eastósctha tar éis a thriomaithe. is é m_1

Glac leis gur é meán uimhriúil na gcinntiúchán dúblach an toradh, ar choinníoll go sásaítear na coinníollacha in-atrialltachta.

Sloinn an toradh go dtí an chéad deachúil.

(b) Sloinntear an t-eastóscadh ar bhonn ábhair thirim trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle:

$$S \times \frac{100}{100 - U} = \text{céatadán ola an eastósctha ar bhonn tirim}$$

i gcás:

is é S an céatadán eastósctha trí bhíthin an táirge mar a fhaightear (féach pointe(a)),

an = cion taisligh agus an cion ábhair ghalaithe. is é U

3.2. **In-atrialltacht**

An difríocht idir na cinntiúcháin dhúblacha a dhéanann an t-anailíseoir céanna go comhuaineach nó go tapa i ndiaidh a chéile, ní rachaidh sí thar 0,2 g d'eastóscadh heacsáin in aghaidh 100 g den sampla.

Mura gcomhlíontar an coinníoll sin, déan an anailís athuair ar dhá thrialchuid eile. Más rud é, sa chás sin freisin, gur mó é an difríocht ná 0,2 g, glac leis gurb é meán uimhriúil na gceithre chinntiúchán an toradh.

IARSCRÍBHINN V

Foirm le haghaidh torthaí seiceálacha comhréireachta a thuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 14 i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún

				Lipéadú						**Paraiméadair cheimiceacha**			**Saintréithe orgánaileipteacha** [4]			**Cinneadh críochnaitheach**	
Sampla	**Catagóir**	**Tír tionscnaimh**	**Láthair chigireachta** [1]	**Ainm dlíthiúil**	**Áit tionscnaimh**	**Dálaí stórála**	**Faisnéis earráideach**	**Inléiteacht**	**C/NC** [3]	**Paraiméadair lasmuigh de theorainn Tá/Níl**	**Más ea, léirigh anseo an ceann/na cinn i gceist** [2]	**C/NC** [3]	**Fabht airmheánach**	**Airmheán Torthaíoch**	**C/NC** [3]	**An beart is gá**	**Smachtbhanna**

(1) An margadh inmheánach (muileann, buidéalaithe, an chéim mhiondíola) onnmhairiú, allmhairiú.
(2) Beidh cód ag gach saintréith d'ola olóige a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2104 [tagairt don Ghníomh Tarmligthe atá le glacadh].
(3) Comhréireach/Neamhchomhréireach.
(4) Ina cheangal maidir le holaí olóige íona de réir bhrí Chuid VIII, pointe 1, d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus maidir leo sin amháin